TODHCHAÍ NÍOS FEARR

Acmhainn Oideachas Forbartha don Bhunscoil Shinsir



Trócaire

CLÁR ÁBHAIR

MAIDIR LE TRÓCAIRE 4

CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID 5

NAISC CHURACLAIM 6

Ceacht 1: Foghlaim faoin tSiombáib
(Tíreolaíocht) 7
– Bileog Oibre 1: An tSiombáib 8

Ceacht 2: Seo iad Nomatter agus an teaghlach
(Béarla) 9
– Bileog Oibre 2: Scéal Nomatter 10
– Bileog Oibre 3: Scéal Thandekile 12

Ceacht 3: Spriocanna Domhanda
(Mata) 14
– Bileog Oibre 4: Ríomh 15
– Bileog Oibre 5: Glac leis an Dúshlán 16

Ceacht 4: Sláinte agus Cothú
(OSPS/FPAC) 17
– Bileog Oibre 6: Pirimid an Bhia 19
– Bileog Oibre 7: Cad as a dTagann ár mBia? 20

Ceacht 5: Fómhar don Todhchaí
(Cluiche Oideachas Forbartha) 21

Ceacht 6: Athrú Aeráide
(Drámaíocht) 22
– Bileog Oibre 8: Cásanna Drámaíochta 24

Ceacht 7: Tionchar an Athraithe Aeráide
(Amharc-Ealaíona/Ealaín agus Dearadh) 25

Ceacht 8: Fásaimis le Chéile
(OSIE/DTO) 26

Nomatter (11) agus Forward (8) ag imirt peile leis an gcol ceathrar Blessing (10) in aice baile sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

MAIDIR LE TRÓCAIRE

Ciallaíonn an focal 'Trócaire,' comhbhá. Le caoga bliain nach mór, tá Trócaire ag cur comhbhá mhuintir na hÉireann i ngníomh. Oibrímid i gcomhpháirtíocht leis an bpobal i mbreis agus fiche tír le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus le haghaidh a thabhairt ar an éagóir.

Tacaímid leis an bpobal a gcuid cumhachta féin a úsáid le hathruithe dearfacha fadtéarmacha a chur i bhfeidhm.

Bunaíodh Trócaire sa bhliain 1973 agus dhá aidhm rompu:

- Tacaíocht agus abhcóideacht a chur ar fáil do mhuintir an domhain atá bocht
- Oideachas a chur ar mhuintir na hÉireann maidir leis an mbochtaineacht dhomhanda is an ceartas

Creideann Trócaire gur rugadh gach na mná, na fir is na páistí ar fad ar bhonn an ionannais. Tuigimid go mbaineann an bhochtaineacht le hábhar eile seachas an easpa bunriachtanas amháin. Baineann sé le heaspa deiseanna, le heaspa cumhachta, easpa gutha agus easpa smachta ar an saol. Ní tharlaíonn an t-athrú fiúntach fadtéarmach go dtí go mbronntar a gcuid cearta bunúsacha ar an bpobal. Cabhraímid leis seo trí bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil a fhulaingíonn ón mbochtaineacht agus ón éagóir.

Ciallaíonn **an Chomhpháirtíocht** go n-oibrímid le daoine indibhidiúla, leis an bpobal agus le heagraíochtaí áitiúla, na hathruithe atá uathu a chur i bhfeidhm. Bunaítear an chomhpháirtíocht ar an meas, an dlúthpháirtíocht is an cumhachtú.

Bíonn oideachas forbartha Trócaire, fréamhaithe go maith sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ar a dtugtar Spriocanna Domhanda orthu chomh maith. Ciallaíonn an fhorbairt inbhuanaithe go ndéantar é ar bhealach nach ndéanfaidh damáiste do na glúine atá le teacht, agus nach mbeidh a gcuid cearta siúd á sárú againne.

Cuireann an t-athrú aeráide agus an Covid-19 isteach go mór ar phobail ar fud na cruinne, agus anseo in Éirinn chomh maith. D'aontaíodh an pobal in áiteanna áirithe mar sin féin, ar bhealach comhbhách aireach. Cuireann na cúrsaí sin i gcuimhne dúinn gur ar scáth a chéile a mhairimid, agus go mbímid ag brath go mór ar a chéile agus ar an domhan mórthimpeall orainn.

OBAIR TRÓCAIRE SA tSIOMBÁIB

Tá An tSiombáib in oirdheisceart na hAfraice. Ceapadh tráth go bhféadfadh sí a bheith mar sheoid na hAfraice.

Níor tharla an forás áfach, de bharr na ndeacrachtaí a bhain leis an athrú aeráide agus leis an éagobhsaíocht eacnamaíoch agus polaitiúil. Chuir an t-athrú aeráide isteach go mór ar an tSiombáib. Bíonn 70% de mhuintir na Siombáibe ag brath ar an talmhaíocht, ach cuireann an t-ardú teochta agus an triomach isteach ar fhás na mbarraí, agus bíonn sé deacair ar na feirmeoirí maireachtáil gan aon bharr.

Sáraítear cearta an duine go forleathan sa tSiombáib. Is cosúil nach dtuigeann formhór na saoránach na cearta sibhialta, eacnamaíoch ná sóisialta a bheadh acu. Cuireann an bhochtaineacht is an sárú ar chearta an duine isteach ar na mná níos mó ná ar dhaoine eile. Bíonn leibhéal an-ard den fhoréigean de gach sórt in aghaidh na mban ar siúl sa tír.

Ba mhaith le Trócaire iad seo a bhaint amach sa tSiombáib:

- **Poist sheasmhacha inbhuanaithe** a chur ar fáil. Tacaíonn ár gcomhpháirtithe leis na pobail áitiúla, a bheith seasmhach in aghaidh tubaistí na haeráide, agus cabhraítear leo táirgeadh an bhia a fheabhsú.
- **Cearta an duine a láidriú**. Bíonn tionchar ag ár gcomhpháirtithe ar rialtas na Siombáibe le go dtabharfaí a gcuid cearta don phobal agus go leigheasfaí gach sárú ar chearta an duine. Caithfear tacú leis an aicme saoránach a lorgaíonn a gcuid cearta.
- **Cumhachtú na mBan**. Cosnaítear na mná ón bhforéigean agus spreagtar iad le guth níos airde a bheith acu i measc an phobail.

Tá tuilleadh eolais faoi obair Trócaire sa tSiombáib, anseo.

CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Déanfar iniúchadh san acmhainn seo ar an téama 'Todhchaí níos Fearr' i gcomhthéacs na Spriocanna Domhanda agus ag breathnú ar shaol na bpáistí sa tSiombáib agus in Éirinn.

Tuigimid go maith go mbraitheann an dearcadh a bhíonn ag daoine indibhidiúla ar chúrsaí domhanda, go mór ar an taithí shaoil a bhíonn acu féin. Mar sin molaimid go ndéanfá mionathruithe ar an ábhar seo má cheapann tú go mbeadh drochthionchar ag rud ar bith anseo ar ghrúpaí nó ar dhaoine leochaileacha.

Díríonn an acmhainn seo ar **Sprioc 2: Deireadh le hOcras**, ar an mbia sláintiúil, slándáil bhia, agus ar thionchar an athraithe aeráide agus Covid-19 ar tháirgeadh an bhia.

Cuirtear na ceachtanna seo ar fáil don Bhunscoil Sinsir/KS2. Tá ceachtanna anseo a bhaineann le hábhair éagsúla an churaclaim. Tá naisc churaclaim an cheachta ar fáil ar leathanach 6. Molaimid daoibh tosú le Ceacht 1 agus leanúint ar aghaidh tríd síos sa leabhar, chomh fada agus is féidir. Is féidir na ceachtanna a úsáid go neamhspleách óna chéile gan mórán athruithe a dhéanamh. Baineann leibhéil éagsúla deacrachta leo, agus is féidir na cinn is mó a oireann do na daltaí a roghnú.

Dírítear aird anseo ar scéal Thandekile, máthair bliain is tríocha d'aois a chónaíonn lena páistí Nomatter (11) agus Forward (8), i gcúige an deiscirt Matabeleland na Siombáibe.

Bíonn Thandekile agus an chlann i mbaol an ocrais de bharr an athraithe aeráide sa cheantar. Ciallaíonn an triomach agus na tuilte báistí go dteipeann ar na barraí, ionas nach féidir leis na daoine iad féin a chothú. Cuireann an Covid-19 go mór le tionchar an athraithe aeráide, agus cuirtear srian ar na bealaí inar féidir le muintir na Siombáibe airgead a thuilleamh dá bharr.

San acmhainn seo beidh na hoidí is na daltaí ag foghlaim mar gheall ar:

- Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)
- An tSiombáib agus saol Thandekile agus an chlann
- Tábhacht an bhia agus an chothaithe
- Tionchar an athraithe aeráide ar tháirgeadh an bhia
- Bia a fhás sa seomra ranga

Nóta Tábhachtach don Oide

Níl sa chás-staidéar seo ach radharc amháin ar an tSiombáib. Bí cinnte faoi nach mbaineann an taithí ná an scéal céanna leis an uile dhuine a chónaíonn sa tSiombáib.

De bharr nádúr na paindéime reatha domhanda, agus toisc go mbunaítear acmhainní oideachais Trócaire ar scéalta ón bhfíorshaol, luaitear an Covid-19 anseo toisc go raibh tionchar aige ar shaol na ndaoine sa tSiombáib. **Tabhair aire agus léigh ábhar an cheachta sula gcuireann tú os comhair an ranga é, le bhur dtoil.**

De bharr shrianta Covid-19 tá na gníomhaíochtaí bunaithe ar bheagán teagmháil fhisiceach agus roinnt an ábhair a bheith ann. Is féidir iad a chur in oiriúint daoibh féin ag cloí leis na rialacha a bhíonn i bhfeidhm ag an am, le bhur dtoil.

Thandekile (31) lena hiníon, Nomatter (11), agus a mac Forward (8), An tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

NAISC CHURACLAIM

Poblacht na hÉireann	Ábhar	Snáitheanna	Snáithaonaid
Ceacht 1: Foghlaim faoin tSiombáib	OSIE – Tíreolaíocht	An Timpeallacht Dhaonna	Daoine i dtíortha eile – An timpeallacht i dtír taobh amuigh den Eoraip Ceisteanna Forbartha agus Trádála
Ceacht 2: Seo iad Nomatter agus a clann	Béarla	Léamh Scríobh	Plé & Úsáid (eilimint) – Cuimse (9) Tuiscint (eilimint) – Stór Focal (5)
Ceacht 3: Na Spriocanna Domhanda	Mata	Uimhreas	Oibríocht Deachúla
Ceacht 4: Sláinte agus Cothú	OSPS	Mé Féin	Aire a Thabhairt don Chorp – Bia agus Cothú
Ceacht 5: Fómhar don Todhchaí	OSPS	Mé Féin	Aire a Thabhairt don Chorp – Bia agus Cothú
Ceacht 6: Athrú Aeráide	Drámaíocht	Drámaíocht a phléifidh na mothúcháin, an t-eolas, na smaointe, le teacht ar thuiscint	Comhoibriú agus cumarsáid trí dhráma a chruthú
Ceacht 7: Tionchar an Athraithe Aeráide	Na hAmharc-ealaíona	Priontáil	Priontáil a Dhéanamh
Ceacht 8: Fásaimis lena Chéile	OSIE – Eolaíocht	Nithe Beo	Plandaí agus Ainmhithe

Tuaisceart Éireann	Ábhar	Snáitheanna	Snáithaonaid
Ceacht 1: Foghlaim faoin tSiombáib	Domhan Timpeall Orainn	Idirspleáchas Ionad Athrú le ham	Daoine/Timpeallacht/An Domhan Nádúrtha/ Cosúlachtaí agus eagsúlachtaí Comparáid idir an áit chónaithe agus áiteanna éagsúla eile
Ceacht 2: Seo iad Nomatter agus an chlann	Teanga agus Litearthacht	Léamh Scríobh	Scileanna léitheoireachta agus tuisceana. Freagairt do threoracha. Graiméar agus poncaíocht a úsáid i gceart
Ceacht 3: Na Spriocanna Domhanda	Mata agus Uimhearthacht	Uimhreas – oibríocht agus úsáid	Obair intinne
Ceacht 4: Sláinte agus Cothú	FPAC	Tuiscint phearsanta ar an tsláinte	Conas a bheith sláintiúil, fás agus folláine Bheith slán sa timpeallacht
Ceacht 5: Fómhar don Todhchaí	FPAC	Tuiscint phearsanta ar an tsláinte Comhthuiscint i measc an phobail áitiúil agus pobal níos leithne	Conas a bheith sláintiúil, fás agus folláine Bheith slán sa timpeallacht Cearta an duine agus freagracht shóisialta
Ceacht 6: Athrú Aeráide	Na hEalaíona	Drámaíocht	Cíoradh ar réimse ábhar cultúrtha agus daonna Cíoradh ar mhothúcháin phearsanta agus ar mhothúcháin an duine eile Idirbheartaíocht i ról agus as ról
Ceacht 7: Tionchar an Athraithe Aeráide	Na hEalaíona	Ealaín agus Dearadh	Samhlaíocht a fhás agus a fhorbairt Smaointe agus mothúcháin a chur in iúl Feasacht a bheith ar ábhar aeistéitiúil
Ceacht 8: Fásaimis le Chéile	DTO	Idirspleáchas Athrú thar am	Plandaí agus Ainmhithe Nithe beo agus conas aire a thabhairt dóibh

CEACHT 1: FOGHLAIM FAOIN tSIOMBÁIB

Ábhar: Tíreolaíocht

Topaic: An tSiombáib

Am: 45–60 nóiméad

Acmhainní le fáil: Ceol ón tSiombáib, Rochtain ar an Idirlíon/Léarscáil an Domhain, An tSiombáib Ceacht Tíreolaíochta PowerPoint, Bileog Oibre 1: An tSiombáib

Torthaí foghlama: Beidh ar chumas na ndaltaí …

- Tuiscint a bheith acu faoi ghnéithe áirithe shaol na ndaoine a gcónaíonn faoin tuath sa tSiombáib
- Sainchomharthaí áirithe na Siombáibe a aithint is a ainmniú
- Meas agus luach a bheith acu ar éagsúlacht shaoil na ndaoine sa tSiombáib

Gníomhaíocht 1: Réamhrá

Céim 1: Mínigh dóibh go bhfuiltear chun éisteacht le sliocht as píosa ceoil. Iarr orthu na súile a dhúnadh agus éisteacht. Tar éis leathnóiméad iarr orthu an tír as ar tháinig an ceol a scríobh síos. Is féidir cuid de na freagraí a roinnt leis an rang.

Céim 2: Mínigh dóibh gur tháinig an ceol ón tSiombáib. Bain úsáid as Léarscáil Google, nó as cruinneog/mapa sa seomra leis An tSiombáib a aimsiú. Tabhair buille faoi thuairim cé mhéad km/míle idir an scoil agus An tSiombáib. Déan an fad a thomhas. Cé chomh fada a thógfadh turas ansin? Conas mar a rachfá? Cad iad na tíortha a thrasnófá?

Nóta don Oide: Má deir na daltaí leat go dtagann an ceol ón 'Afraic', meabhraigh dóibh nach tír í an Afraic, ach ilchríoch. Iarr orthu a rá leat cé mhéad tír atá san Afraic.(54 tír)

Gníomhaíocht 2: An tSiombáib: Ceacht Tíreolaíochta

Céim 1: Déan An tSiombáib Ceacht Tíreolaíochta PowerPoint a íoslódáil. Tá nótaí ansin don oide a mhíníonn na sleamhnáin éagsúla. Líon na colúin ar an gcairt A-L-F (sleamhnán 3) leis an rang maidir leis an méid atá ar eolas ag na daltaí (A) faoin tSiombáib agus an t-eolas a bheadh uathu (L). Cuir an PowerPoint i láthair.

Céim 2: Priontáil Bileog Oibre 1: An tSiombáib agus tabhair cóip dóibh. Mínigh an obair agus iarr orthu na sainchomharthaí a líonadh isteach.

Conclúid: Téigh ar ais chuig an gcairt A - L - F (sleamhnán 3) agus lig dóibh an méid a d'fhoghlaimíodar faoin tSiombáib a phlé i bpéirí. Líon an colún 'Foghlamtha' mar rang. Má bhíonn ceisteanna ón gcolún 'Le Foghlaim' gan aon fhreagra, bídís mar obair bhaile acu.

Sonraí faoin tSiombáib

Príomhchathair: Harare

Daonra: 14.65 milliún

Teanga Oifigiúil: 16 teanga oifigiúil agus an Béarla san áireamh

Ionchas saoil ar bhreith dóibh:

61.49 bl

Ráta Litearthachta na nAosach (15bl+: 2008–2018): 88.7%

An Bhratach Shiombábach



BILEOG OIBRE 1: AN tSIOMBÁIB

Tír í An tSiombáib atá suite san Afraic.

Líon na boscaí thíos leis na sainchomharthaí seo den tSiombáib:

- **CATHRACHA:** Harare agus Bulawayo
- **TÍORTHA AG ROINNT TEORANN:** An tSaimbia, Mósaimbíc, an Bhotsuáin, an Afraic Theas agus an Namaib
- **EAS:** Eas Victoria
- **ABHAINN:** Abhainn na Saimbéise
- **SLÉIBHTE:** Sléibhte Motobo



CEACHT 2: SEO IAD NOMATTER AGUS AN TEAGHLACH

Ábhar: Béarla

Topaic: Aithne a chur ar theaghlach Nomatter

Am: 50–60 nóiméad

Acmhainní: Todhchaí níos Fearr: Scéal i nGrianghraif ón tSiombáib PowerPoint, Bileog Oibre 2: Scéal Nomatter nó Bileog Oibre 3: Scéal Thandekile

Torthaí foghlama: Beidh ar chumas na ndaltaí …

- Na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir a saol féin agus saol pháistí na Siombáibe a aithint
- Stór focal oiriúnach a úsáid le cur síos ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí
- Idirdhealú a dhéanamh maidir leis na hainmfhocail, na briathra, na haidiachtaí, na dobhriathra sa scéal.

Gníomhaíocht 1: Seo iad Nomatter agus an teaghlach

Céim 1: Déan PowerPoint Todhchaí níos Fearr: Scéal i nGrianghraif ón tSiombáib a íoslódáil agus a thaispeáint.

Nóta don Oide: Cuireann sleamhnán 7 síos ar bhás athair Nomatter ón Covid-19. Cuimhnigh air gur **topaic é seo a ghoillfeadh ar dhaltaí áirithe sa rang, b'fhéidir**. Gabh thar an sleamhnán seo mura mbíonn sé oiriúnach daoibh, ná don rang seo.

Céim 2: Smaoiníonn na daltaí ar feadh tamaill ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir a saol féin agus saol Nomatter.

Céim 3: Iarr orthu i bpéirí, cosúlacht amháin agus éagsúlacht amháin eatarthu féin agus saol Nomatter a scríobh. Roinn cuid de na smaointe leis an rang.

Gníomhaíocht 2: Léamh agus Tuiscint

Céim 1: Roghnaigh an scéal is fearr ó thaobh tuisceana de a d'oirfeadh don rang: Bileog Oibre 2: Scéal Nomatter (gnáthleibhéal) nó Bileog Oibre 3: Scéal Thandekile(ardleibhéal).

Céim 2: Priontáil an Bhileog Oibre cuí, bronn cóip an duine ar na daltaí.

Céim 3: Imir an cluiche 'Bualadh Bos & Smeach' (cluiche don stór focal).

- Scríobh cuid den stór focal (cló trom) ón scéal roghnaithe ar an gclár bán.
- Roghnaíonn an múinteoir focal amháin ón gclár agus déanann cur síos air le bualadh bos/smeach. Caithfidh na mic léinn an focal a aithint. Má tá consan ann déanann an t-oide bualadh bos. Má bhíonn guta ann, déantar smeach leis na méara. Chun an focal 'scoil' a chur in iúl, mar shampla, dhéanfaí bualadh bos, bualadh bos, smeach, smeach, bualadh bos (consan, consan, guta, guta, consan).
- Roghnaítear duine ón rang (dalta A) leis an bhfocal a aithint agus a mhíniú. Má bhíonn an ceart ag an duine sin, glacann sí/sé áit an mhúinteora ag an gclár bán agus roghnaíonn focal eile.
- Déanann dalta A, an focal nuaroghnaithe a chur in iúl leis an mbualadh bos/smeach. Tugtar cuireadh do na daltaí eile an focal a aithint. Iarrtar ar dhalta nua, dalta B, an focal a rá agus é a mhíniú. Má bhíonn an ceart ag dalta B glacann an duine sin áit dalta A ag an gclár bán agus roghnaítear focal nua le cur os comhair an ranga.
- Leantar ar aghaidh go dtí go mbíonn na focail is tábhachtaí mínithe agus pléite.

Nóta don Oide: Tá cló trom ar na focail is oiriúnaí mar stór focal ar bhileoga 1 agus 2. Baineann leibhéil deacrachta éagsúla leis an obair ar na bileoga. Roghnaigh an t-ábhar is oiriúnaí do do rang féin.

BILEOG OIBRE 2: SCÉAL NOMATTER

Nomatter is ainm dom agus táim aon bhliain déag d'aois.

Cónaím i gcúige an deiscirt Matabeleland sa tSiombáib le mo mháthair agus mo dheartháir óg, Forward. Tá trí bliana agamsa air. Dlúthchairde muid, agus is aoibhinn linn a bheith ag súgradh lena chéile.

Tá dhá sheomra **sa chlós** againn sa bhaile. Bíonn go leor crann ag fás san áit a gcónaíonn an **teaghlach** agus umar traidisiúnta adhmaid leis na soithí a ní. Coimeádaimid asail, gabhair agus sicíní.

Freastalaím ar an mbunscoil áitiúil. Fásann na céadta bláthanna áille timpeall na scoile. Déileálann na múinteoirí go cineálta linn. Nuair a tháinig **an phaindéim** Covid-19 , dúnadh na scoileanna ar fad sa tSiombáib agus d'fhan mé sa bhaile ar feadh i bhfad.

D'éirigh **rialacha** na dianghlasála níos scaoilte le déanaí agus téim ar scoil arís, ach amháin ar feadh trí lá sa tseachtain in ionad cúig lá mar a bhíodh againn.

Nuair a thagaimid chun na scoile déanann an múinteoir ár dteocht a ghlacadh agus cuirtear **díghalrán** ar na lámha. Tugtar treoir dúinn na lámha a ní go mion minic, agus caithimid na clúdaigh aghaidh i gcónaí timpeall na scoile.

Is breá liom a bheith ag scríobh agus ag súgradh le mo chairde ar scoil. Is fearr liom an mata thar aon ábhar eile.

Nuair a thagaim abhaile ón scoil cabhraím le mo mhamaí an **dioscaireacht** a dhéanamh. Ansin imrím liathróid láimhe agus déanaim folachán le **mo shiblín**, Forward. Ithimid an dinnéar i gcónaí lena chéile sa chistin mar theaghlach. Uaireanta ithimid sadza le pónairí nó le glasra arbhair. Is breá liom an rís chomh maith.

Nuair a fhásaim aníos ba mhaith liom **staidéar** a dhéanamh le bheith mar altra a chabhródh le biseach a chur ar na heasláin.

Tá greim láimhe ag an dearthair is an deirfiúr Forward (8) agus Nomatter (11), ar a chéile in aice baile i gcúige an deiscirt Matabeleland, An tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

Gníomhaíocht

1) Léigh na habairtí seo agus cuir tic sa bhosca 'Fíor', 'Falsa' nó 'Ní Fios'.

	Fíor	Falsa	Ní Fios
Tá siblín amháin ag Nomatter.			
Cónaíonn Nomatter i dteach trí sheomra.			
Freastalaíonn Nomatter ar an scoil gach lá.			
Bíonn na múinteoirí ag bunscoil Nomatter deas caoin.			
Ba mhaith le Nomatter a bheith ina múinteoir.			

2) Léigh an téacs arís agus ansin:
   a) Cuir dath gorm ar na hainmfhocail sa téacs.
   b) Cuir dath glas ar na haidiachtaí.
   c) Cuir dath dearg ar na briathra.
   d) Cuir dath buí ar na dobhriathra.
3) Scríobh abairt amháin an ceann, do gach ainmfhocal agus aidiacht a d'aimsigh tú sa téacs.
4) Cuir na litreacha ón téacs san ord ceart leis na hainmfhocail a aithint: rastaidé, dághíalrn, aliarcha, dosaireictach, htelacagh.

Obair Shínithe

- Tarraing sceitse de na hainmfhocail seo: teaghlach, sicíní, dioscaireacht agus crainn. Scríobh an t-ainmfhocal faoin sceitse.
- Scríobh 3-5 abairt a chuirfidh síos ar chosúlachtaí, agus 3-5 abairt a chuirfidh síos ar éagsúlachtaí idir do theaghlach féin agus teaghlach Nomatter.

Cabhraíonn Thandekile (31) lena hiníon Nomatter (11), agus lena mac Forward (8), an obair bhaile a dhéanamh sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

BILEOG OIBRE 3: SCÉAL THANDEKILE

Is **baintreach** bliain is tríocha d'aois í Thandekile a chónaíonn i gcúige an deiscirt Matabeleland sa tSiombáib, in éineacht lena páistí Nomatter (11) agus Forward (8).

Bhí tionchar an-mhór ag an Covid-19 ar theaghlach Thandekile ón uair a tháinig **an phaindéim** chun na Siombáibe i 2020. Díreach mar ar tharla anseo, ní fhéadfadh Nomatter ná Forward freastal ar an scoil ar feadh i bhfad.

Bhíodh Donovan, fear céile Thandekile, ag obair san Afraic Theas agus chuireadh sé airgead abhaile chun an teaghlaigh, rud a chuir ar a gcumas bia, éadaí agus oiriúintí scoile a cheannach. Ba thubaiste an rud dóibh teacht an Covid-19. Bhí Donovan as obair ar feadh tamaill de bharr na paindéime. Ansin bhuail an víreas é agus fuair sé bás. Bhíodh sé deacair orthu leigheas a fháil ón gcógaslann toisc nach raibh an córas iompair phoiblí ag feidhmiú. Dhún formhór na gcomhlachtaí, agus bhí go leor daoine **dífhostaithe** dá bharr.

Bhí sé crua ar chách. Bhíodh an t-ocras ag goilleadh ar Thandekile agus ar a clann roimh Covid-19 fiú, toisc gur theip ar na barraí de bharr na dtuilte báistí, agus gur tharla an **triomach** freisin. Is minic nach mbíodh dinnéar le hithe acu istoíche toisc nach raibh bia ar fáil agus toisc go raibh **leitheadúlacht** éadaingne bia i measc an phobail. Thit **frasaíocht** go leor sa cheantar anuraidh, rud a chuir isteach go mór ar na barraí toisc go raibh an **talamh báite**. **Iolraíodh** ar an drochthionchar seo de bharr Covid-19 agus bhí Thandekile agus an chlann ag brath ar fhoinsí eile le fanacht beo.

Tháinig feabhas ar shaol Thandekile agus na páistí le déanaí. Bhain sí úsáid as cuid den airgead a bhí i dtaisce aici le bheith **nuálach**. Ceannaíonn sí éadaí agus ansin díolann sí ag an margadh áitiúil iad leis an **teaghlach** a chothú. Tá sí suite ar aire cheart a thabhairt do na páistí. Tá súil aici go dtiocfaidh fás ar an ngnó a bhunaigh sí ionas go mbeidh ar a cumas freastal ar riachtanais na leanaí. Measann sí gur tábhachtach an rud é go mbeadh **oideachas** orthu. Tá sí buíoch de Nomatter agus Forward a bheith ag freastal ar an scoil arís, cé nach bhfuil ann ach trí lá sa tseachtain. Creideann sí go mbronnfaidh an t-oideachas an tsaoirse orthu **ioncam** níos fearr a thuilleamh agus deiseanna breise le **gairm bheatha** mhaith a bheith acu nuair a bhíonn siad fásta. Creideann sí gur tábhachtach an rud é go mbeadh meas ag daoine ar a chéile agus an grá is **an chomhbhá** a léiriú.

Cé go mbíonn an saol deacair orthu, creideann Thandekile go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí. Ba mhaith léi siopa **a bhunú** in aice baile, leis na héadaí a cheannaíonn sí a dhíol ann. Bheadh sé níos fusa di ansin, aire a thabhairt don teaghlach agus an gnó a chur chun cinn. Ba bhreá léi ceadúnas tiomána a bheith aici, teach deas a bheith acu, agus go mbeadh saol fiúntach i ndán do na páistí.

Rothaíonn Thandekile (31) in aice baile sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

Gníomhaíocht 1

Faigh míniú na bhfocal thíos san fhoclóir. Scríobh síos na sainmhínithe. Roghnaigh an focal ceart ón liosta leis na habairtí thíos a chríochnú.

gairm bheatha **frasaíocht** **talamh báite** **dífhostaithe** **triomaigh**

1) Bhí áthas orainn nuair nach raibh an _____ agus gur fhás na barraí.

2) Nuair a fhásann Nomatter aníos, ba mhaith léi _____ a chleachtadh mar altra.

3) Tarlaíonn _____, uafásacha i dtíortha áirithe, agus teipeann ar na barraí dá bharr.

4) Nuair a tháinig Covid-19 chun na hÉireann agus chun na Siombáibe, bhí go leor daoine _____ dá bharr.

5) In Éirinn, titeann _____ go leor sa gheimhreadh, sna sléibhte ach go háirithe.

Gníomhaíocht 2

Freagair na ceisteanna sa chóipleabhar.

1) Cén aois atá ag Nomatter?
2) Cén fáth nach bhféadfadh Nomatter ná Forward freastal ar an scoil anuraidh?
3) Cén áit inar tharla ábhar an scéil seo?
4) Conas mar a chuir Covid-19 isteach ar shaol Nomatter agus Forward?
5) An mbeidh an saol níos éasca ar Thandekile agus ar an gclann an bhliain seo chugainn? Cén fáth go mbeadh nó nach mbeadh?

Gníomhaíocht 3

Léigh an téacs arís agus ansin:

a) Cuir dath glas ar na haidiachtaí sa téacs.
b) Cuir dath gorm ar na hainmfhocail.
c) Cuir dath dearg ar na briathra.
d) Cuir dath buí ar na dobhriathra.

Obair Shínithe

Scríobh cúpla alt a chuireann síos ar thrí chosúlachtaí agus éagsúlachtaí ar a laghad idir do theaghlach féin agus teaghlach Thandekile.

Thandekile (31) lena hiníon Nomatter (11), agus lena mac, Forward (8) sa bhaile sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

CEACHT 3: NA SPRIOCANNA DOMHANDA

Ábhar: Mata & Uimhearthacht

Topaic: Na Spriocanna Domhanda

Am: 45–60 nóiméad

Acmhainní le Fáil: Beochan Human Beans, Roth SDG, Grianghraif Spriocanna Domhanda, Bileog Oibre 4: Ríomh, Bileog Oibre 5: Glac leis an Dúshlán

Torthaí Foghlama: Beidh ar chumas na ndaltaí …

- Na spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a aithint is a thuiscint
- Meabhairuimhríocht simplí a dhéanamh: suimiú, dealú, méadú

Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)

Ghlac ceannairí an domhain leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (Spriocanna Domhanda) ag cruinniú mullaigh de na Náisiúin Aontaithe i Meán Fómhair na bliana 2015.
Cuireadh seit seacht sprioc déag le chéile agus an aidhm seo rompu: deireadh a chur le bochtaineacht, troid in aghaidh an neamhionannais, cosain an pláinéad. Spriocanna domhanda atá iontu. Tá tíortha an domhain ina n-iomlán tiomanta chuige na spriocanna a shroicheadh, Éire agus an RA ina measc.

Gníomhaíocht 1: Mínigh na Spriocanna Domhanda

Céim 1: Abair leo gur smaoinigh na NA ar pholasaí a chinnteodh go dtiocfadh athruithe ar domhan ar bhealach a bheadh cothrom do chách agus a chosnódh an pláinéad. Seinn an bheochan Human Beans.

Céim 2: Roinn na daltaí ina bpéirí. Iarr ar na páistí an aois a bheadh acu sa bhliain 2030 a dhéanamh amach. Iarr ar na péirí an saghas domhain a bheadh uathu le cónaí ann ag an bpointe sin a rá, mar shampla: domhan saor ó chogadh, deis do chách freastal ar an scoil, áit ina ndéileálfaí go cothrom le cách.

Céim 3: Cuir pictiúr de na Spriocanna Domhanda ar an gclár bán. Mínigh na spriocanna le cabhair Grianghraif Spriocanna Domhanda.

Céim 4: Iarr ar na daltaí na trí sprioc is tábhachtaí a roghnú. Abair leo nach bhfuil ceart nó mícheart ann, ach de réir do thuairimí/rogha féin.

Gníomhaíocht 2: Ríomh

Céim 1: Taispeáin na Spriocanna Domhanda arís agus mínigh go mbíonn a uimhir féin ag gach aon sprioc; Sprioc 1 = Deireadh le Bochtaineacht, Sprioc 2 = Deireadh le hOcras, Sprioc 3 = Dea-Shláinte agus Folláine.

Céim 2: Léigh amach cuid de na Spriocanna Domhanda os ard agus iarr ar na daltaí an uimhir a rá, m.sh: Má deir tú 'Gníomhú ar son na hAeráide', is é sin uimhir 13. Má deir tú 'Oideachas Ardchaighdeáin' deir na daltaí 'Uimhir a Ceathair'.

Céim 3: Bronn cóipeanna de Bhileog Oibre 4: Ríomh ar na daltaí. Táthar chun a bheith ag ríomhadh, ag baint úsáide as ainmneacha na Spriocanna Domhanda a rá in ionad uimhreacha. Úsáid Roth SDG le spriocanna/uimhreacha éagsúla a phiocadh.

Gníomhaíocht 3: Glac leis an Dúshlán

Céim 1: Taispeáin an pictiúr SFI ar an gclár bán.

Céim 2: Roinn an rang ina bpéirí. Bronn cóip de Bhileog Oibre 5: Ríomh agus dhá dhísle ar gach péire.

Céim 3: Lean na treoracha ar an mbileog oibre.

Difreáil: Lig do na scoláirí an obair mhata a dhéanamh i bpéirí nó mar dhaoine indibhidiúla.

Nóta don Oide: Bain úsáid as an roth SFI! Is féidir é a chur in oiriúint do go leor gníomhaíochtaí eile ar scoil. Dá mbeifeá ag obair le deachúlacha, d'fhéadfaí an roth a chasadh agus a iarraidh ar an rang an spriocuimhir a mhéadú faoi uimhir dheachúlach áirithe. Dá mbeifeá ag obair leis an tábla méadaithe a cúig, d'fhéadfaí a iarraidh orthu an spriocuimhir a fhaightear nuair a chastar an roth a mhéadú faoi chúig.

BILEOG OIBRE 4: RÍOMH

An cuimhin libh na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe (SFI)? Bíonn a uimhir féin ag gach aon sprioc. Breathnaigh ar an gcairt thíos, agus tabhair aire don Roth SFI.

Líon an colún 'Cas an Roth' leis an uimhir atá ag an Sprioc Dhomhanda a thagann aníos nuair a chasann an múinteoir an roth. Mar shampla, má thagann 'Deireadh le hOcras' aníos, is é sin uimhir '2' toisc gurbh é an dara sprioc é 'Deireadh le hOcras'.

Nuair a bhíonn na bearnaí líonta, ríomh agus scríobh na freagraí sa cholún deiridh. Go n-éirí libh!

Cas an Roth				Freagra
a) Sprioc _____	+	10	=	
b) Sprioc _____	+	36	=	
c) Sprioc _____	+	4	=	
d) Sprioc _____	+	51	=	
e) Sprioc _____	+	19	=	
f) Sprioc _____	+	100	=	
g) Sprioc _____	+	8	=	
h) Sprioc _____	+	24	=	

Cas an Roth				Freagra
i) Sprioc _____	+	10	=	
j) Sprioc _____	+	6	=	
k) Sprioc _____	+	4	=	
l) Sprioc _____	+	5	=	
m) Sprioc _____	+	9	=	
n) Sprioc _____	+	2	=	
o) Sprioc _____	+	8	=	
p) Sprioc _____	+	12	=	

Nomatter (11) agus Forward (8) ar scoil. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

BILEOG OIBRE 5: GLAC LEIS AN DÚSHLÁN



Tugtar do dhúshlán na suimeanna ar an tábla a chríochnú. Déan péirí agus bíodh turais agaibh an dísle a chaitheamh faoi dhó. Abair go bhfaightear 5 agus 3. Téigh ar dheis ag an mbun go chearnóg 5. Ansin téigh trí chearnóg díreach suas mar a léirítear sa phictiúr.

Tá Sprioc Dhomhanda luaite i ngach aon chearnóg. Faigh amach cén uimhir é an sprioc. Ansin déan an tsuim agus scríobh an freagra. Buann an péire leis an méid is mó freagraí cearta acu. Go n-éirí libh!

6	GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE + 4 = _____	DEIREADH LE BOCHTAINEACHT + 28 = _____	AN SAOL AR TALAMH + 65 = _____	COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AR SON NA SPRIOCANNA + 4 = _____	CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE + 15 = _____	FUINNEAMH GLAN AGUS INACMHAINNE + 43 = _____
5	OBAIR CHUIBHIÚIL AGUS FÁS EACNAMAÍOCH + 9 = _____	DEA-SHLÁINTE AGUS FOLLÁINE + 26 = _____	FUINNEAMH GLAN AGUS INACMHAINNE + 7 = _____	UISCE GLAN AGUS SLÁINTÍOCHT + 16 = _____	DEIREADH LE BOCHTAINEACHT + _____ = 10	48 + SÍOCHÁIN, CEARTAS AGUS INSTITIÚIDÍ LÁIDRE = _____
4	NEAMHIONANNAS LAGHDAITHE – 9 = _____	AN SAOL AR TALAMH – 9 = _____	OBAIR CHUIBHIÚIL AGUS FÁS EACNAMAÍOCH – 4 = _____	UISCE GLAN AGUS SLÁINTÍOCHT – 6 = _____	100 – DEIREADH LE BOCHTAINEACHT = _____	54 – COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AR SON NA SPRIOCANNA = _____
3	CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE – 10 = _____	AN SAOL FAOI UISCE – 9 = _____	GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE – 7 = _____	62 – DEIREADH LE hOCRAS = _____	COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AR SON NA SPRIOCANNA – _____ = 7	73 – DEA-SHLÁINTE AGUS FOLLÁINE = _____
2	COTHROMAS INSCNE x 7 = _____	OIDEACHAS ARDCHAIGHDEÁIN |x 4 = _____	10 x DEIREADH LE hOCRAS = _____	TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS BONNEAGAR x 9 = _____	CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE x 10 = _____	FUINNEAMH GLAN AGUS INACMHAINNE x 100 = _____
1	AN SAOL FAOI UISCE ÷ 1 = _____	NEAMHIONANNAS LAGHDAITHE ÷ 4 = _____	TOMHALTAS AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH ÷ 6 = _____	100 ÷ COTHROMAS INSCNE = _____	58 ÷ DEIREADH LE hOCRAS = _____	64 ÷ DEIREADH LE BOCHTAINEACHT = _____
	1	2	3	4	5	6

CEACHT 4: SLÁINTE AGUS COTHÚ

Ábhar: OSPS/FPAC

Topaic: Cothú sláintiúil

Am: 45–60 nóiméad

Acmhainní le Fáil: Bileog Oibre 6: Pirimid an Bhia, Bileog Oibre 7: Cad as a dtagann ár mbia?

Torthaí foghlama: Beidh ar chumas na ndaltaí …

- Tábhacht an bhia don fhás agus don fhorás a thuiscint
- Idirdhealú a dhéanamh idir bia sláintiúil is bia míshláintiúil
- Bia a rangú i sé ghrúpa phirimid an bhia
- Taighde a dhéanamh maidir le foinse an bhia

Níl an Chosúlacht ann go mbeidh Deireadh le Bochtaineacht ar Domhan faoi 2030

Sprioc Dhomhanda 2: Deireadh le hOcras. An aidhm atá leis ná deireadh a chur le hocras, cinnteacht an bhia a shroicheadh, an cothú a fheabhsú, agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn. Faoin mbliain 2019 áfach, ní raibh rochtain ag 2 billiún duine ar bhia slán rialta cothaitheach a bheith acu.

2 DEIREADH LE hOCRAS

Gníomhaíocht 1: Labhraímis faoin mBia

Céim 1: Iarr ar na daltaí an tábhacht a bhaineann le bia a rá, agus na freagraí a scríobh ar an gclár bán. Mínigh dóibh an tábhacht a bhaineann le cothaithigh a fháil ón mbia. Baineann an corp úsáid as na cothaithigh sin mar ábhar fuinnimh, mar ábhar fáis, agus mar chosaint in aghaidh an tinnis.

Céim 2: Mínigh dóibh nach mbíonn na cothaithigh chéanna ar fáil i ngach aon bhia agus go gcaithfear **réim bia shláintiúil cothromaithe** a ithe le bheith sláintiúil. Caithfear meascán leathan bia a ithe sa choibhneas ceart, agus an méid ceart de a ithe, le meáchan coirp shláintiúil a choimeád.

Céim 3: Bronn cóip de Bhileog Oibre 6: Pirimid an Bhia ar gach páiste. Mínigh dóibh go dtaispeántar na saghsanna bia éagsúla le hithe le bheith sláintiúil cothaithe. Bíonn níos mó de na cothaithigh ag bun an phirimid uainn agus níos lú den ábhar a thagann ó na bianna ar bharr. Bíodh plé ann maidir leis na saghsanna bia a bheadh le sonrú sna codanna éagsúla den phirimid.

Céim 4: Bíodh na daltaí ag obair i bpéirí le Bileog Oibre 6: Pirimid an Bhia a chríochnú. Ar clé cuirtear na grúpaí éagsúla bia (milseáin, ola agus saill, próitéin, déirí, carbaihiodráit, torthaí agus glasraí). Ar dheis scríobhtar dhá shaghas bia a bheadh sna grúpaí éagsúla, mar shampla: brioscáin prátaí, im, sicín, cáis, arán nó brocailí.

An Raibh a Fhios agat?

Bhí Nomatter agus a muintir i mbaol an ocrais toisc gur theip ar na barraí de bharr an triomaigh, agus de bharr na dtuilte. Is minic nach raibh dinnéar na hoíche le hithe acu, agus nach raibh bia le spáráil i measc an phobail ach oiread. Tá Trócaire, le cabhair ó na comhpháirtithe, Caritas Bulawayo, ag cabhrú le pobal Thandekile aghaidh a thabhairt ar an neamhchinnteacht bhia ionas go mbeidh go leor bia ar fáil ar feadh na bliana ag na teaghlaigh. Cuirtear gairdíní pobail ar fáil inar féidir leis na daoine áitiúla glasraí a chur, síolta a stóráil agus eolas a fháil maidir le bealaí plandála agus bainistíocht dobhardhroma. Baintear úsáid as gairdín an phobail mar ionad feasachta Covid-19.

Ullmhaíonn Thandekile (31) an mealbhacán sa bhaile sa tSiombáib, agus na páistí Nomatter (11) agus Forward (8), ag breathnú isteach uirthi. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

Gníomhaíocht 2: Díospóireacht Reatha

Céim 1: Iarr ar na daltaí seasamh i líne dhíreach i lár an tseomra. Léifidh tú cuid abairtí amach. Má aontaíonn na daltaí leo siúlann siad go barr an ranga. Mura n-aontaíonn, téann siad go bun an ranga. Mura n-aontaíonn nó easaontaíonn siad is féidir seasamh ar an líne i lár an ranga.

Céim 2: Léigh na habairtí seo leanas. Fan go mbíonn deis ag na daltaí seasamh san áit chuí.

Céim 3: Iarr ar roinnt de na daltaí a rá cén fáth gur sheas siad in áit áirithe.

Ráitis	Le plé
Bíonn gach aon bhia sláintiúil.	Ní bhíonn na cothaithigh chéanna ar fáil i ngach sórt bia. Tugann pirimid an bhia le fios cad é an sórt bia is fearr dúinn.
Feoilséantóir duine nach n-itheann ach glasraí amháin.	Ní itheann feoilséantóirí iasc ná feoil. Is féidir leo taitneamh a bhaint as bianna eile seachas glasraí: brioscaí, cnónna, gránach.
Bíonn na sceallóga reoite níos fearr duit ná na cinn a dhéanfá féin sa bhaile.	Braitheann sé ar an mbealach ina gcócaráiltear na sceallóga (reoite nó déanta sa bhaile).
Ní bhíonn siúcra sna húlla.	Bíonn siúcra ar fáil i mbia cothaitheach: úlla, brocailí, pónairí. Bíonn siúcra nádúrtha iontu atá níos folláine ná an siúcra próiseáilte a úsáidtear sna cístí, sna milseáin, sna líreacáin.
Bíonn císte cairéid níos sláintiúla ná císte seacláide.	Ní chiallaíonn úsáid na gcairéad go bhfuil an císte níos folláine ná císte seacláide. Braitheann sé ar mhéid an chomhábhair eile a bheadh ann: siúcra, plúr, im.
Bíonn ocras ar dhaoine toisc nach bhfuil go leor bia do chách ar an bpláinéad.	Táirgtear go leor bia do chách ar domhan, ach ní bhíonn dáileadh cothrom ann.
Má theastaíonn uaim a bheith sláintiúil caithfidh mé feoil a ithe gach lá.	Ní gá feoil a ithe in aghaidh an lae le bheith sláintiúil cothaithe. Caithfear a bheith cinnte faoi, áfach, go leor de na cothaithigh riachtanacha a bheith á ithe agat.
Is féidir go leor bia a ithe agus a bheith gann ar na cothaithigh chearta mar sin féin.	Caithfear réim cothrom bia a ithe ionas go mbeidh an comhábhar ceart á fháil ag do chorp. Ní dhéanfaidh saghas amháin bia an comhábhar ceart ar fad a sholáthar.

Gníomhaíocht 3: Cad as a dTagann an Bia?

Céim 1: Ceistigh na daltaí faoin mbia a d'itheadar inniu agus scríobh liosta ar an gclár bán. Iarr orthu a rá cad as a dtagann an bia: fástar bananaí sa Bhrasaíl, prátaí in Éirinn, pónairí chócó (le seacláid a dhéanamh) i nGána.

Céim 2: Iarr ar na daltaí a rá cén fáth go dtagann bianna áirithe ó thíortha áirithe. Nach bhféadfaí an bia ar fad a tháirgeadh go háitiúil?

Céim 3: Mínigh dóibh go mbíonn tionchar ag an aeráid ar an mbia a tháirgtear. Ní bhíonn gá leis an aeráid chéanna ag gach planda le fás. Ní féidir pónairí chócó a fhás in Éirinn toisc nach bhfuil an aeráid te go leor. Is féidir prátaí a fhás go maith anseo toisc go mbíonn gá acu le cuid mhaith uisce.

Céim 4: Bronn cóip de Bhileog Oibre 7: Cad as a dtagann ár mbia? ar gach páiste. Iarr orthu an sórt bia ceart a mheaitseáil leis an suíomh ceart ar an léarscáil.

Céim 5: Iarr ar na daltaí a rá cén tionchar a bhíonn ar an timpeallacht nuair a cheannaímid bia ó i bhfad i gcéin. Tabhair cuairt ar BBC Áireamhán Bia/Aeráid leis an tionchar a bhíonn ag do rogha bia ar an timpeallacht, a fheiceáil.

Nóta don Oide: Má bhíonn an ghníomhaíocht seo ródheacair don dalta indibhidiúil, is féidir an léarscáil a chur ar an gclár bán agus an obair a dhéanamh le chéile. Táthar ag iarraidh a léiriú go dtagann bia éagsúil ó áiteanna éagsúla timpeall an domhain. Ní gá go mbeadh a fhios go díreach cén tír as ar tháinig gach uile tháirge.

Obair shínithe

Iarr ar na daltaí dul chuig an ollmhargadh leis na tuismitheoirí, nó fiosrú sa bhaile cad as a dtagann an bia a itheann siad. Roinneann siad na freagraí ar a chéile agus pléitear an cheist: An gceannaíonn gach tír, bia ó i bhfad i gcéin, nó an bhfuil tíortha ann a bhaineann níos mó úsáide as an mbia a tháirgtear go háitiúil?

BILEOG OIBRE 6: PIRIMID AN BHIA

Líon na bearnaí maidir leis na grúpaí bia. Scríobh na grúpaí éagsúla ar clé agus samplaí den bhia atá sna grúpaí éagsúla sa cholún ar dheis.



úll . . .

BILEOG OIBRE 7: CAD AS A dTAGANN ÁR mBIA?

TIs féidir bia áirithe a fhás in áiteanna áirithe. Meaitseáil an bia ar clé leis an áit cheart ar an léarscáil agus scríobh ainm na tíre.

- Bananaí (An Bhrasaíl)
- Bainne (Éire/RA)
- Seacláid (Gána)
- Oráistí (An Spáinn)
- Pis Talún (An tSín)
- Prátaí (Éire/RA)
- Pónairí (An India)



CEACHT 5: FÓMHAR DON TODHCHAÍ

Ábhar: OSPS/FPAC

Topaic: Foghlaim bunaithe ar chluichí agus bia a fhás

Am: 50–60 nóiméad

Acmhainní le Fáil: Cluiche Fómhar don Todhchaí

Torthaí foghlama: Beidh na daltaí ábalta …

- A thuiscint go mbíonn cumas i gcluichí na scileanna tábhachtacha churaclaim a fhoghlaim
- A thuiscint go mbaineann tábhacht leis an mbia ó thaobh an fháis agus na forbartha de

Foghlaim Bunaithe ar Chluichí

Is bealach iontach é an fhoghlaim a bheadh bunaithe ar chluichí, le dul i ngleic le topaic an cheartais dhomhanda ar bhealach taitneamhach úr. Tá an cumas sna cluichí réimse scileanna a mhúineadh do na daoine óga, comhoibriú, obair bhuíne, réiteach fadhbanna, smaointeoireacht chriticiúil, scileanna atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus a spreagann an tsamhlaíocht is an chruthaitheacht.

Gníomhaíocht 1: An Cluiche is Ansa Liom

Céim 1: Iarr ar na daltaí na cluichí is ansa leo a phlé i ngrúpaí. Bíodh na ceisteanna seo á gcur:

- Cén sórt cluiche é? Cluiche físe, nó cluiche cláir, nó cluiche cártaí?
- Cad é príomhthéama an chluiche? Spórt, stair, airgead, eachtraíocht?
- Cén fáth go mbaintear taitneamh as? Éasca le bua a fháil, iomaíoch, oideachasúil?

Céim 2: Iarr ar na grúpaí an cluiche is ansa leo a rá leis an rang. Déan liosta de na cluichí sin.

Céim 3: Iarr orthu: An féidir eolas nua a fhoghlaim trí na cluichí a imirt? Cén fáth gur féidir/nach féidir?

Gníomhaíocht 2: Fómhar don Todhchaí

Céim 1: Priontáil cóip de chlár an chluiche Fómhar don Todhchaí do gach aon ghrúpa. Priontáil agus gearr amach na Cártaí Barraí agus leag ar an gclár iad.

Céim 2: Léann na páistí na treoracha mar ghrúpaí agus imríonn an cluiche.

Céim 3: I ndiaidh an chluiche pléigh an mioncheistiú mar rang ina iomláine.

Nóta don Oide: Ar bhain na daltaí taitneamh as a bheith ag foghlaim i rith an chluiche? Tá breis cluichí oideachas forbartha ag Trócaire anseo: trocaire.org/gamechangers.

Gníomhaíocht 3: Bí mar Ghníomhaire Athraithe

Bain úsáid as an méid a d'fhoghlaim sibh ón gcluiche 'Fómhar don Todhchaí'. Cruthaigh do chluiche féin/cluiche ranga agus cuir isteach ar chomórtas Ghníomhairí Athraithe é. Comórtas atá ann do dhaoine óga ar mhaith leo athrú a chur i bhfeidhm ar domhan, agus a chreideann gur féidir an domhan a athrú trí mheán na gcluichí! Tugann Trócaire cuireadh do na daoine óga cluiche a chruthú a scrúdaíonn téama a bheadh bunaithe ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI).

Céim 1: Téigh chuig trocaire.org/gamechangers.

Céim 2: Cláraigh le haghaidh comórtas 2021/22.

Céim 3: Cruthaigh do chluiche féin le daoine a chur ar an eolas maidir leis na SFI.

Nóta don Oide: Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi Ghníomhairí Athraithe nó cluichí oideachas forbartha eile Trócaire téigh chuig gamechangers@trocaire.org.

CEACHT 6: ATHRÚ AERÁIDE

Ábhar: Drámaíocht/Ealaín

Topaic: Athrú aeráide agus cinnteacht bhia

Am: 50–60 nóiméad

Acmhainní le fáil: Beochan athrú aeráide, Bileog Oibre 8: Cásanna Drámaíochta, Léarscáil an domhain, páipéar, dathanna agus ábhar ealaíona

Torthaí foghlama: Beidh ar chumas na ndaltaí …

- Torthaí an athraithe aeráide ar éiginnteacht bhia a scagadh
- Teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le daoine eile le dráma a scríobh

Ciallaíonn **athrú aeráide** go dtarlaíonn athrú suntasach aeráide i gceantar áirithe. Bíonn fáthanna nádúrtha leis seo uaireanta, ach tuigtear anois go gciallaíonn 'athrú aeráide' gur de bharr na gníomhaíochta daonna a tharla sé. Creideann Trócaire nach mbaineann an t-athrú aeráide leis an timpeallacht amháin. **Ceist an cheartais** atá ann. Ciallaíonn **Éagóir Aeráide** gurbh iad na daoine is mó a fhulaingíonn, ná na fir, na mná is na páistí leochaileacha ar domhan, cé gurbh iadsan is lú ba chúis leis. Sa tSiombáib, caithfidh Thandekile agus a clann déileáil leis na tuilte báistí agus leis an triomach a tharlaíonn de bharr an athraithe aeráide. Theip ar na barraí de bharr na trí thriomach agus an cioclón a tharla le cúig bliana anuas. Ní féidir leis an teaghlach iad féin a chothú i gceart dá bharr.

Déanann **Gníomhú ar son na hAeráide** (Sprioc #13 de na Spriocanna Domhanda) cur síos ar an ngéarghá atá ann gníomhú in aghaidh an athraithe aeráide, agus an tionchar a bhíonn aige. Níos mó eolais faoi Sprioc 13: Gníomhú ar son na hAeráide anseo.

Gníomhaíocht 1: Athrú Aeráide: Míniú

Céim 1: Ar chuala an rang faoi Athrú Aeráide? Iarr orthu an méid atá ar eolas acu a roinnt le cách.

Céim 2: Taispeáin an bheochan: Míniú ar athrú aeráide. Bíonn CJ an Bheach ag labhairt mar gheall ar an athrú aeráide ann. Pléigh an cheist seo leis an rang. Cad a bhí i gceist ag CJ nuair a luaigh sé an aimsir fhoircneach?

Céim 3: Léigh na habairtí thíos os ard agus iarr ar na daltaí a rá an bhfuil siad ag tagairt don aimsir nó don aeráid.

1) Is breá liom tine a lasadh sa gheimhreadh toisc go mbíonn sé fuar fliuch amuigh. (Aeráid)
2) Ní féidir súgradh taobh amuigh inniu toisc go bhfuil an lá fliuch. (Aimsir)
3) Rachaidh mé cois trá sa Spáinn sa samhradh. Bíonn an samhradh breá te i gcónaí ansin. (Aeráid)
4) Rachaimid go dtí an pháirc phoiblí ag an deireadh seachtaine toisc go bhfuil aimsir mhaith geallta. (Aimsir)

Nóta don Oide: Ciallaíonn **Aeráid** gur cúrsaí fadtéarmacha atá i gceist. Ciallaíonn aeráid, an saghas aimsire a bhíonn in áit áirithe thar réimse na mílte bliain. **Aimsir** cúrsaí gearrthéarmacha. Athraíonn an Aimsir in aghaidh an lae.

Gníomhaíocht 2: Aeráid Timpeall an Domhain

Céim 1: Breathnaigh ar léarscáil an domhain agus pléigh na saghsanna éagsúla Aeráide in áiteanna éagsúla. Taispeáin an meánchiorcal agus mínigh dóibh go mbíonn an aimsir níos fuaire de réir mar a imíonn tú ó thuaidh nó ó dheas uaidh. Taispeáin dóibh go bhfuil an aimsir sa tSiombáib i bhfad níos teo ná an aimsir in Éirinn toisc go bhfuil an tír sin níos giorra don mheánchiorcal ná mar atáimid.

Céim 2: Pléigh na gníomhartha a d'úsáidfí le tír 'te' nó tír 'fuar' a chur in iúl. Te, mar shampla, ligean ort: gloine uisce a ól, uachtar gréine a chur ort, an t-éadan a chuimilt. Fuar, mar shampla: a bheith ar crith, breis éadaí a chur ort, tine a lasadh, conlú lena chéile. Pléigh na gníomhartha mar rang.

Céim 3: Iarr ar na daltaí siúl thart sa seomra. Tá an múinteoir chun feadóg a shéideadh, nó cloigín a bhualadh, agus ainm tíre a rá os ard, agus í a thaispeáint ar an léarscáil. Nuair a chloiseann na daltaí an t-ainm caithfidh siad stopadh agus gníomhaíocht a oireann d'aeráid na tíre sin a dhéanamh. Má luaitear 'An Íoslainn', déanann na páistí gníomhartha a oireann do thír fhuar, má luaitear 'An Astráil', ligfidh na daltaí orthu go bhfuil siad te go maith. Déan tíortha éagsúla a roghnú, agus spreag na daltaí le gníomhartha éagsúla a dhéanamh gach aon uair.

Céim 3: Don chéad chluiche eile beidh na daltaí ina staiceanna. Nuair a chloistear an fheadóg stopann siad agus gníomh a léiríonn an aimsir a dhéanamh i bpictiúr reoite. Ansin roghnaítear dalta amháin agus caithfidh an duine sin an pictiúr reoite a mhíniú. Imir an cluiche seo dhá nó trí huaire.

Gníomhaíocht 3: Dá mba Mise Tusa

Céim 1: Priontáil Bileog Oibre 8: Cásanna Drámaíochta agus gearr amach na cásanna. Déan grúpaí ceathrar nó cúigear agus bronn cás amháin an ceann orthu.

Céim 2: Bíodh deich nóiméad acu le dráma 3-5 nóiméad a chruthú a bheadh bunaithe ar an gcás ar tugadh dóibh. Níl cead acu a rá le daoine eile cén cás atá acu.

Céim 3: Lig do na grúpaí éagsúla an dráma atá acu a léiriú don rang. Ina dhiaidh sin iarr ar na daltaí eile a rá faoin dráma; Cén sórt daoine a bhí i gceist? Cad a tharla sa dráma? Conas mar a chuir an t-athrú aeráide isteach ar an teaghlach seo? Cén dearcadh atá acu?

Céim 4: Nuair a bhíonn gach dráma feicthe acu, pléigh na ceisteanna seo leo:

- An bhfuil cosúlachtaí i measc na gcásanna? (Baineann éiginnteacht bhia leo de bharr an athraithe aeráide.)
- Cad iad na difríochtaí a bhain leis na cásanna?
- Cén aimsir fhoircneach a tharla sna cásanna éagsúla? Cad iad na gníomhartha a dhéanfaimis le maolú ar thionchar an athraithe aeráide?

Nóta don Oide: Lean treoirlínte Covid-19 sa seomra, le bhur dtoil.

BILEOG OIBRE 8: CÁSANNA DRÁMAÍOCHTA

Marta (cailín 12 bl), An Spáinn

Cónaíonn tú i sráidbhaile cois farraige sa Spáinn le d'athair, le do mháthair agus le beirt dheirfiúr. Tharla stoirm uafásach anuraidh agus dúnadh an scoil ar feadh dhá lá dá bharr. Tá bád beag iascaireachta ag do dhaid. Rinneadh damáiste dó sa stoirm agus ní féidir leis breith ar an méid céanna iasc anois. Bíonn easpa airgid ar an teaghlach dá bharr san.

Carla (cailín 8 bl), Hondúras

Cónaíonn tú le do mhuintir ar ghuaire i gceantar Omoa, in aice leis an teorainn le Guatamala. Bíonn leibhéal an uisce ag ardú, agus an trá á creimeadh de bharr an athraithe aeráide. Tá an baol ann go gcaillfidh do theaghlach féin agus muintir eile an phobail na tithe. Ní féidir rís ná glasraí a fhás a thuilleadh de bharr salannú na hithreach. Beidh séasúr na hairicíní anuas oraibh go luath, agus bíonn eagla ort go ndéanfar damáiste don teach, agus go mbáfar le huisce é dá bharr, rud a tharlaíonn go minic. Uaireanta bíonn oraibh aistriú amach ón teach ar feadh cúpla lá.

Alex (buachaill 7 bl), An Chéinia

Cónaíonn tú in Ishiara, i gceantar an oirthir na Céinia le do mháthair agus le cúigear siblíní. Cónaíonn sibh i dteach dhá sheomra leapa a rinneadh as cré agus maidí adhmaid le chéile. Níl uisce reatha ná aibhléis agaibh. Is feirmeoir í do mháthair. Toisc go bhfuil an pláinéad ag téamh, tarlaíonn an triomach níos minice ná riamh agus ní féidir le mam brath ar an bhfeirmeoireacht le bia ná ioncam a sholáthar. Tógann sí sicíní agus gabhair in ionad san agus glacann sí le hobair fhánach ar nós brosna a chruinniú le gur féidir é a dhíol ag an margadh.

Mahlet Ali (cailín 13 bl), An Aetóip

Cónaíonn tú le do mhuintir i sráidbhaile beag i dtuaisceart na hAetóipe. Tá dhá cheapach ag do mhuintir agus fástar glasraí, arbhar agus grán ansin. Is breá leat a bheith ag obair ansin le d'athair. Bíonn do mhuintir ag brath ar na barraí a fhástar le bia a bheith acu agus le hairgead a thuilleamh trí chuid den táirge a dhíol ar an margadh. Bíonn gá le báisteach le go bhfásfadh na barraí i gceart, ach titeann níos lú báistí anois de bharr an athraithe aeráide. Oibríonn an teaghlach níos mó ná riamh, ach níl neart agaibh ar theacht na báistí.

Lovemore (buachaill 9 bl), An tSiombáib

Cónaíonn tú le do mháthair agus le beirt dheartháir i sráidbhaile beag sa tSiombáib. Fásann do mham grán buí agus pónairí, agus prátaí milse ar uairibh. Itear an bia seo agus díoltar cuid den bhia ar an margadh. Cuireann an drochaimsir isteach ar an bpobal le blianta beaga anuas. Tháinig hairicín anuas oraibh a scrios go leor de bhur gcuid barraí. Bíonn mam ag obair ní ba chrua ná riamh, ach ní chuireann an fheirm bia go leor ar fáil le go gcothófaí tú féin agus do dheartháireacha i gceart.

Órla (cailín 10 bl), Contae Thír Eoghain

Cónaíonn tú in éineacht le do mham, do dhaid agus do dheirfiúr ar Shliabh Speirín i gContae Thír Eoghain. Tá feirm bheag ag do mhuintir, agus coimeádtar caoirigh, ba agus sicíní inti. Déanann do mhuintir slí bheatha as táirgí na feirme a dhíol: bainne, uibheacha, glasraí agus cáis. Bhí sciorradh talún ann agus na tuilte de bharr na stoirme neamhghnáiche a tharla anuraidh. Cuireadh isteach go mór ar bhur bhfeirm féin agus ar fheirmeacha an cheantair. Maraíodh cuid den bheostoc agus clúdaíodh an timpeallacht le brat tiubh siolta.

Mark (buachaill 10 bl), Contae Chorcaí

Cónaíonn tú i gcathair Chorcaí le do mham. Bíonn obair pháirtaimseartha aici. Bíonn sé níos deacra go forleathan, bia a fhás de bharr an téimh dhomhanda. Tháinig ardú ar phraghas an bhia le déanaí. Ní bhíonn go leor airgid i gcónaí ag do mháthair le bia a cheannach, agus bíonn sí ag brath ar an gcarthanas áitiúil le cabhair a fháil uaidh.

CEACHT 7: TIONCHAR AN ATHRAITHE AERÁIDE

Ábhar: Ealaín

Topaic: Athrú Aeráide agus cinnteacht bhia

Am: 60 nóiméad

Acmhainní le Fáil: Gearrthóga irise, seana fillteáin, gliú, dathanna, Cárta/Páipéar A2

Torthaí foghlama: Beidh ar chumas na ndaltaí …

- Colláis leis an téama, 'Athrú Aeráide' atá déanta as ábhar athchúrsáilte a dhéanamh i ngrúpaí

Stailceanna Domhanda Aeráide

Ar an 20 Meán Fómhair 2019, ghlac na céadta míle duine i 99 tír éagsúla páirt i stailc chomhordaithe aeráide, agus iad ag iarraidh go ndéanfaí gníomhú go práinneach in aghaidh na géarchéime athraithe aeráide. Gníomhaí Sualannach 16 bl darbh ainm Greta Thunberg a spreag an ghluaiseacht leis an téama 'An Aoine don Todhchaí'. Glao a bhí ann ag lorg go ndéanfaí idirghabháil bhunúsach le haghaidh a thabhairt ar an téamh domhanda. I measc na ndaoine a ghlac páirt sna stailceanna bhí paistí scoile de gach aon aois ó gach cearn na hÉireann, ó Bhéal Feirste go Corcaigh is ó Bhleá Cliath go Gaillimh.

Gníomhaíocht 1: Troid in Aghaidh an Athraithe Aeráide

Céim 1: Roinn bhur gcuid smaointe mar rang, faoin straitéis le maolú ar thionchar an athraithe aeráide. Má cheannaímid bia a tháirgtear go háitiúil, mar shampla, laghdaítear ar na hastaíochtaí carbóin. Is féidir soilse/ábhar leictreonach a mhúchadh mura mbíonn siad in úsáid. Is féidir siúl nó rothaíocht ar scoil.

Céim 2: Iarr ar na daltaí íomhánna a chuireann síos ar thionchar an athraithe aeráide a chruinniú ó na seana nuachtáin/irisí. Is féidir colláis a dhéanamh astu leis an tionchar sin a léiriú. Is féidir íomhánna eile a úsáid má thagann siad ó ábhar in-athchúrsáilte (m.sh. íomhánna/fillteáin ó tháirgí bia).

Céim 3: Iarr ar na grúpaí colláis darbh ainm 'Troid in Aghaidh an Athraithe Aeráide' a chruthú. Baintear úsáid as ábhar a tháinig ó bhaile.

Céim 4: Nuair a bhíonn an cholláis déanta, ainmníonn an grúpa duine mar urlabhraí. Iarr ar urlabhraí amháin teacht go barr an ranga agus labhairt faoin gcolláis a rinne an grúpa. Cuireann na daoine eile ceisteanna ar an urlabhraí agus tugtar aiseolas chomh maith.

Céim 5: Bí bródúil as an obair a rinne sibh faoi ghéarchéim na haeráide. Céim thábhachtach ar aghaidh í a bheith eolach maidir le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a chruthú. Cuir na colláisí ar taispeáint ar scoil/roinn na pictiúir ar shuíomh idirlín na scoile nó ar ardán meán sóisialta.

CEACHT 8: FÁSAIMIS LE CHÉILE

Abhar: OSPS/FPAC

Topaic: Do bhia féin a fhás

Am: 50–60 nóiméad

Acmhainní le Fáil: Síolta, gabhdáin nó spás sa ghairdín, ithir, uisce, cothaithigh

Torthaí foghlama: Beidh ar chumas na ndaltaí …

- Foghlaim conas aire a thabhairt do phlandaí
- Taithí a bheith acu ar bhia a fhás dóibh féin
- Misneach a bheith acu an rud nua a thriail

Cuid ríthábhachtach dár saol iad na plandaí. Tugann siad bia agus ocsaigin dúinn. Bíonn uisce, cothaithigh, aer, solas, ithir agus am de dhíth le gur féidir leo fás i gceart. Cabhraíonn sé leis an timpeallacht más féidir linn an bia a fhás go háitiúil. Iarr ar na daltaí a rá conas san.

Gníomhaíocht 1: Fás le Trócaire #GrowwithTrocaire

Céim 1: Roghnaigh plandaí le fás. Tá moltaí ar fáil ar an leathanach seo leanas le plandaí a fhás sa ghairdín, i bpotaí nó ar leac na fuinneoige. Bain úsáid astu nó smaoinigh ar bhur gcuid féin a fhás.

Céim 2: Cruinnigh an comhábhar.

Céim 3: Cuir tús le fás na nglasraí.

Céim 4: Glac grianghraif agus roinn ar na meáin shóisialta iad. Bain úsáid as an haischlib **#GrowwithTrocaire**. Ba bhreá linn bhur gcuid oibre a leanúint!

Nóta don Oide: Más as Tuaisceart Éireann daoibh agus sibh ag iarraidh an bhratach ghlas a bhaint amach, cuirtear an tionscadal seo san áireamh. Téigh chuig Eco-Schools agus úsáid an haischlib **#windowsillschoolni** chomh maith le **#GrowwithTrocaire**.

DUILLEOGA SAILÉID A FHÁS

Feabhra–Deireadh Fómhair

1) Faigh gabhdán 3/4 lán le múirín gan mhóin
2) Cuir sraith thanaí de shíolta ar bharr agus clúdaigh le 1 cm ithir iad
3) Uiscigh an pota go maith agus leag ar leac fhuinneoige grianmhar é
4) Uiscigh má bhíonn barr an ithir, tirim
5) Bain an fómhar tar éis 5-8 seachtain

LUIBH BHOG A FHÁS

Feabhra–Deireadh Fómhair



1) Faigh pota beag pollta 3/4 lán d'ithir agus cuir síolta luibheanna (basal, peirsil, lus an choire)
2) Uiscigh, clúdaigh, fág ar leac fhuinneoige
3) Nuair a fheictear na fréamhacha ag gobadh amach ar bun, athphlandaigh an luibh i bpota níos mó
4) Bain an fómhar ag 15 cm airde

RAIDISÍ A FHÁS

Feabhra–Meán Fómhair



1) Faigh gabhdán pollta 3/4 lán le múirín gan mhóin
2) Cuir sraith thanaí de shíolta ar bharr agus clúdaigh le hithir
3) Uiscigh an pota go maith agus leag ar leac fhuinneoige grianmhar é
4) Bain an fómhar nuair a bhíonn na fréamhacha 2–3 cm. Glan le huisce agus ith

MIONCHAIRÉID A FHÁS

Feabhra–Meán Fómhair

1) Faigh pota pollta 3/4 lán d'ithir
2) Scaip síolta a fhásann go gasta m.sh. *Early Nantes* ar bharr agus clúdach tanaí ithir orthu
3) Uiscigh go maith agus cuir in áit ghrianmhar iad, ag leanúint leis an uisciú má bhíonn an ithir tirim
4) Bain an fómhar c. 60 lá

TRÓCAIRE
GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE

Cruthaigh Cluiche. Athraigh an Domhan.

Comórtas do dhaoine óga a chreideann gur féidir an domhan a athrú trí mheán na gcluichí!

Cruthaigh cluiche le himirt le do chairde agus le do mhuintir.

CLUICHE CLÁIR | CLUICHE CÁRTAÍ | CLUICHE FÍSE

Is féidir le daltaí sna ranganna 3 – 6/P5 – P7, cur isteach ar an gcomórtas. Caithfidh gach iontráil a bheith againn faoin 8 Aibreán 2022. Is féidir treoracha mar gheall ar dhearadh na gcluichí, foirmeacha iontrála, agus radharc ar na cluichí buacacha 2021 a fháil ag: trocaire.org/gamechangers

IS É TRÓCAIRE GNÍOMHAIREACHT FHORBARTHA THAR LEAR NA hEAGLAISE CAITLICÍ IN ÉIRINN

Curtha ar fáil ag an bhfoireann Oideachas Forbartha, Trócaire, 2022. Údair: Laura Rio Fernandez agus Niall Quillinan. Buíochas ó chroí leis na hoideachasóirí a chabhraigh leis an acmhainn seo a chur le chéile agus a thriail.

Grianghraf an Chlúdaigh: Nomatter (11) agus a deartháir Forward (8), ag siúl ar scoil sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

Bí linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland – bí i dteagmháil

Twitter: twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire – tacaíonn sibh leis na daoine seo

Vimeo: vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline – físeáin agus grianghraif

Bí i dteagmháil:

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: Niall Quillinan, Oifigeach Oideachas Forbartha Bunscoile: niall.quillinan@trocaire.org

Trócaire, 50 Sráid an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: Laura Rio Fernandez, Oifigeach Oideachas Forbartha NI: laura.fernandez@trocaire.org

Trócaire, 9 Sráid an Chócaigh, Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

www.trocaire.org

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

Aithníonn Trócaire go buíoch an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann dúinn agus a chuireann ar ár gcumas imeachtaí Oideachas Forbartha agus Rannpháirtíocht an Phobail a chur ar fáil in Éirinn. Tá an fhreagracht ar na húdair as an ábhar, as na bealaí oibre agus as na gníomhaíochtaí a léirítear san acmhainn seo, agus ní gá go mbeidís ag réiteach le polasaithe Cúnamh Éireann.

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

TAG: P1